BREITHIÚNAS NA CÚIRTE (an Ceathrú Dlísheomra)

18 Nollaig 2025 *

(Tarchur chun réamhrialú – Airteagal 45 CFAE – Saoirse gluaiseachta d'oibrithe – Cóir chomhionann – Rialachán (AE) Uimh. 492/2011 – Airteagal 7(2) – Sochair shóisialta – Liúntas teaghlaigh – Coinníollacha maidir leis an liúntas sin a dheonú d'oibrí neamhchónaitheach do leanbh a chéile nó a pháirtnéar shibhialta – Ceanglas nach mór don oibrí sin 'cothabháil a sholáthar' don leanbh sin – Critéir mheasúnaithe – Toimhde bunaithe ar shainchónaí céanna a bheith ann – Treoir 2004/38/CE – Airteagal 2(2)(c) – An coincheap 'ball teaghlaigh')

I gCásanna Uamtha C-296/24 [Jouxy] go C-307/24 [Momeut] [i],

IARRAIDH ar réamhrialú faoi Airteagal 267 CFAE ón Cour de cassation (an Chúirt um Achomharc Deiridh, Lucsamburg), trí chinntí an 25 Aibreán 2024, a fuarthas ag an gCúirt an 26 Aibreán 2024, sna himeachtaí

SM,

PX (C-296/24),

CY (C-297/24),

LK,

MF (C-298/24),

OP,

TD (C-299/24),

MY,

IX (C-300/24),

AH,

CJ (C-301/24),

AE (C-302/24),

* Teanga an cháis: an Fhraincis.

[i] Is ainm bréige é ainm an cháis seo. Ní fhreagraíonn sé d'fhíorainm aon pháirtí sna himeachtaí.

BF,

CG (C-303/24),

LH (C-304/24),

TB,

MV (C-305/24),

KN,

PE (C-306/24),

NB (C-307/24),

v

Caisse pour l'avenir des enfants

tugann AN CHÚIRT (an Ceathrú Dlísheomra),

agus í comhdhéanta mar seo a leanas: I. Jarukaitis, Uachtarán Dlísheomra, K. Lenaerts, Uachtarán na Cúirte, ag feidhmiú mar Bhreithimh den Cheathrú Dlísheomra, M. Condinanzi, N. Jääskinen (Rapóirtéir) agus R. Frendo, Breithiúna,

Abhcóide Ginearálta: R. Norkus,

Cláraitheoir: A. Calot Escobar,

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn,

tar éis breithniú a dhéanamh ar na barúlacha arna dtíolacadh thar ceann na bpáirtithe seo a leanas:

– SM, PX, agus NB, ag V. Bolard, avocat,

– CY, LK, MF, OP, TD, MY, IX, AH, CJ, AE; BF, CG, LH, TB, MV, KN agus PE, ag P. Peuvrel, avocat,

– Caisse pour l’avenir des enfants, ag R. Jazbinsek, avocate,

– Rialtas na Seice, ag J. Benešová, M. Smolek agus J. Vláčil, i gcáil Gníomhairí,

– an Coimisiún Eorpach, ag S. Delaude agus B.-R. Killmann, i gcáil Gníomhairí,

tar éis éisteacht le Tuairim an Abhcóide Ghinearálta ag éisteacht an 12 Meitheamh 2025

an Breithiúnas seo a leanas:

Breithiúnas

1 Baineann na hiarrataí ar réamhrialú le léiriú ar an gcoincheap ‘cothabháil a sholáthar don leanbh’, a bunaíodh le cásdlí na Cúirte i gcomhthéacs léiriú Airteagal 45 CFAE, Airteagal 2(2) de Threoir 2004/38/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le cearta shaoránaigh an Aontais agus ceart bhaill dá dteaghlaigh gluaiseacht agus cónaí faoi shaoirse ar chríoch na mBallstát, lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 1612/68 agus lena n-aisghairtear Treoracha 64/221/CEE, 68/360/CEE, 72/194/CEE, 73/148/CEE, 75/34/CEE, 75/35/CEE, 90/364/CEE, 90/365/CEE agus 93/96/CEE (IO 2004 L 158, lch. 77, agus ceartúchán IO 2004 L 229, lch. 35), Airteagal 1(i) agus Airteagal 67 de Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le comhordú na gcóras slándála sóisialta (IO 2004 L 166, lch. 1, agus ceartúchán IO 2004 L 200, lch. 1), agus Airteagal 7(2) de Rialachán (AE) Uimh. 492/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Aibreán 2011 maidir le saoirse gluaiseachta d’oibrithe laistigh den Aontas (IO 2011 L 141, lch. 1).

2 Rinneadh na hiarrataí in 12 dhíospóid idir oibrithe trasteorann agus na céilí nó páirtnéirí sibhialta de chuid díobh agus an Caisse pour l’avenir des enfants (Ciste Todhchaí na Leanaí, Lucsamburg; ‘CAE’), maidir le diúltú CAE liúntais teaghlaigh a dheonú do na hoibrithe sin do leanaí a gcéilí nó a bpáirtnéirí sibhialta.

An dlí lena m baineann

Dlí an Aontais Eorpaigh

Treoir 2004/38

3 Is mar seo a leanas atá an fhoclaíocht in Airteagal 2 de Threoir 2004/38:

‘Chun críocha na Treorach seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

[...]

(2) ciallaíonn “ball teaghlaigh”:
   (a) an céile;
   (b) an páirtnéir a bhfuil saoránach den Aontas dulta i mbun páirtnéireacht sibhialta leis, ar bhonn reachtaíocht Ballstáit, má dhéileálann reachtaíocht an Bhallstáit óstaigh le páirtnéireachtaí sibhialta mar pháirtnéireachtaí atá coibhéiseach le pósadh agus i gcomhréir leis na coinníollacha arna leagan síos i reachtaíocht ábhartha an Bhallstáit óstaigh;
   (c) sliochtaigh dhíreacha atá faoi bhun 21 bhliain d’aois nó ar cleithiúnaithe iad agus sliochtaigh dhíreacha nó cleithiúnaithe an chéile nó an pháirtnéara mar a shainmhínítear i bpointe (b);

[...]’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

Rialachán Uimh. 883/2004

4 Leagtar amach le hAirteagal 1 de Rialachán Uimh. 883/2004:

‘Chun críocha an Rialacháin seo:

[…]

(i) ciallaíonn “ball teaghlaigh”:
   (1) (i) aon duine atá sainithe nó aitheanta mar bhall teaghlaigh nó a ainmnítear mar bhall teaghlaigh leis an reachtaíocht a gcuirtear sochair ar fáil;
   (2) mura ndéantar idirdhealú i reachtaíocht Bhallstáit atá infheidhme faoi fhomhír (1) idir na baill teaghlaigh agus daoine eile lena bhfuil sí infheidhme, déanfar an céile, na leanaí mionaoiseacha, agus na leanaí cleithiúnacha ar leanaí lán-aoise iad a mheas mar bhaill teaghlaigh;

[...]’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

5 Foráiltear don mhéid seo a leanas in Airteagal 3(1) den Rialachán sin, dar teideal ‘Raon feidhme ábhartha’:

‘Beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir leis an reachtaíocht ar fad a bhaineann leis na brainsí slándála sóisialta seo a leanas:

[...]

(j) sochair teaghlaigh.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

6 Foráiltear le hAirteagal 67 den Rialachán sin, dar teideal ‘Baill teaghlaigh a bhfuil cónaí orthu i mBallstát eile’:

‘Beidh duine i dteideal sochar teaghlaigh i gcomhréir le reachtaíocht an Bhallstáit inniúil, lena n-áirítear dá bhaill teaghlaigh a bhfuil cónaí orthu i mBallstát eile, amhail is dá mbeadh cónaí orthu sa chéad Bhallstát. [...]’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

Rialachán Uimh. 492/2011

7 Foráiltear le hAirteagal 7 de Rialachán Uimh. 492/2011, dar teideal ‘Fostaíocht a shaothrú agus an chóir chomhionann’:

‘1. Maidir le hoibrí ar náisiúnach de chuid Ballstáit é, ní fhéadfar, ar chríoch na mBallstát eile, cóir atá éagsúil leis an gcóir a chuirtear ar oibrithe náisiúnta a chur air mar gheall ar a náisiúntacht maidir le haon choinníollacha fostaíochta agus oibre, go háirithe maidir le luach saothair, le cur as

fostaíocht, agus i gcás ina dtiocfadh sé chun bheith dífhostaithe, maidir le haischur i bhfostaíocht nó maidir le hathfhostú.

2. Teachtfaidh sé na buntáistí céanna sóisialta agus cánach agus a theachtann oibrithe náisiúnta.

[…]'

Dlí Lucsamburg

8 Is iad forálacha ábhartha dhlí Lucsamburg, de réir mar is infheidhme tráth na bhfíoras sna príomhimeachtaí, Airteagail 269 agus 270 den Chód Slándála Sóisialta a eascraíonn as Dlí an 23 Iúil 2016, a tháinig i bhfeidhm an 1 Lúnasa 2016, lena leasaítear an Cód Slándála Sóisialta, Dlí leasaithe an 4 Nollaig 1967 maidir le cáin ioncaim, agus lena n-aisghairtear Dlí leasaithe an 21 Nollaig 2007 maidir le sochar linbh (*Mémorial* A 2016, lch. 2348, 'an Cód').

9 Foráiltear le hAirteagal 269(1) den Chód, dar teideal 'Coinníollacha deonaithe':

'Bunaítear leis seo liúntas do thodhchaí leanaí, "liúntas teaghlaigh".

Beidh na daoine seo a leanas i dteideal an liúntais teaghlaigh:

(a) aon leanbh a bhfuil cónaí air/uirthi go hiarbhír i Lucsamburg ar bhonn leanúnach agus a bhfuil cónaí air/uirthi go hoifigiúil ann;

(b) baill teaghlaigh, mar a shainmhínítear in Airteagal 270, aon duine atá faoi réir dhlí Lucsamburg agus a chumhdaítear le rialacháin na hEorpa nó le haon ionstraim dhéthaobhach nó iltaobhach eile a bhaineann le slándáil sóisialta arna tabhairt i gcrích ag Lucsamburg lena bhforáiltear d'íocaíocht liúntas teaghlaigh i gcomhréir le reachtaíocht na tíre fostaíochta. Ní mór do bhaill teaghlaigh a bheith ina gcónaí i dtír a chumhdaítear leis na rialacháin nó leis na hionstraimí atá i gceist.'

10 Luaitear an méid seo a leanas in Airteagal 270 den Chód sin:

'Chun críocha Airteagal 269(1)(b), measfar gur baill theaghlaigh duine iad seo a leanas agus beidh an duine sin i dteideal liúntas teaghlaigh a fháil: leanaí a rugadh de phósadh, leanaí nár rugadh de phósadh agus leanaí uchtaithe an duine sin.'

An díospóid sna príomhimeachtaí agus na ceisteanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú

11 Le cinntí CAE atá bunaithe ar Airteagail 269 agus 270 den Chód, diúltaíodh do na hiarratasóirí sna príomhimeachtaí, ar oibrithe trasteorann iad a bhfuil cónaí orthu sa Bheilg, sa Ghearmáin nó sa Fhrainc agus atá ag tabhairt faoi ghníomhaíocht fostaíochta i Lucsamburg, liúntais teaghlaigh do leanaí a gcéilí nó a bpáirtnéirí sibhialta (Cásanna C-299/24 agus C-301/24) nó tarraingíodh siar iad, le héifeacht ón 1 Lúnasa 2016, chun tairbhe na liúntas a fuarthas do leanaí den sórt sin (Cásanna C-296 go C-298/24, C-300/24 agus C-302/24 go C-307/24).

12 De réir CAE, ós rud é nach raibh caidreamh idir leanaí agus na hoibrithe teorann lena mbaineann, ní raibh stádas 'ball teaghlaigh' acu, de réir bhrí Airteagal 270 den Chód.

13 Sheas an conseil arbitral de la sécurité sociale (an Bord Eadrána Slándála Sóisialta, Lucsamburg) leis na hachomhairc a thug na hoibrithe sin agus iad ag iarraidh an liúntas teaghlaigh a dhámhachtain nó a athbhunú.

14 Mar sin féin, dheimhnigh an conseil supérieur de la sécurité sociale (an Ardchomhairle um Shlándáil Shóisialta, Lucsamburg), trí leasú, cinntí CAE, dá dtagraítear i mír 11 den bhreithiúnas seo.

15 Rinne na hiarratasóirí sna príomhimeachtaí achomharc ar phointe dlí os comhair an Cour de cassation (an Chúirt um Achomharc Deiridh, Lucsamburg), arb í an chúirt a rinne an tarchur í.

16 Tugann an chúirt sin dá haire gur chuir an Chúirt, ina breithiúnas an 2 Aibreán 2020, *Caisse pour l'avenir des enfants (Leanbh chéile an oibrí trasteorann)* (C-802/18, EU:C:2020:269), ar bhonn léiriú Airteagal 1(i) agus Airteagal 67 de Rialachán Uimh. 883/2004, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 7(2) de Rialachán Uimh. 492/2011 agus Airteagal 2(2) de Threoir 2004/38, an ceart atá ag oibrí trasteorann íocaíocht an liúntais teaghlaigh a fháil i leith leanbh a chéile nó a pháirtnéara shibhialta, nach bhfuil aon ghaol idir an t-oibrí agus an leanbh, faoi réir cruthúnas go bhfuil cothabháil á sholáthar don leanbh sin.

17 Ós rud é, sna cásanna sna príomhimeachtaí, go raibh an conseil supérieur de la sécurité sociale (an Ardchomhairle um Shlándáil Shóisialta) den tuairim nár cruthaíodh rannchuidiú an oibrí trasteorann le cothabháil leanbh a chéile nó a pháirtnéar shibhialta, tá amhras ar an gcúirt a rinne an tarchur, agus tagairt á déanamh freisin do bhreithiúnas an 15 Nollaig 2016, *Depesme agus páirtithe eile* (C-401/15 go C-403/15, EU:C:2016:955), maidir leis an bhfianaise oibiachtúil lena bhféadfaí an chothabháil sin a chruthú.

18 Dá bhrí sin, fiafraíonn an chúirt sin, go háirithe, an leor an cruthúnas ar shainchónaí céanna idir an t-oibrí trasteorann agus an leanbh lena mbaineann chun a shuí go soláthraíonn an t-oibrí sin cothabháil don leanbh sin nó ar cheart tosca oibiachtúla eile, amhail an modh chun an sainchónaí sin a mhaoiniú, a chur san áireamh freisin. Sa chomhthéacs sin, tagann an cheist chun cinn freisin maidir leis an tábhacht atá le haois an linbh a mhéid a leanann sé ón mbreithiúnas sin go dtoimhdítear, in aon chás, go bhfuil na leanaí i gcleithiúnas go dtí 21 bhliain d'aois. Ina theannta sin, fiafraíonn sí cén tábhacht ba cheart a chur le rannchuidiú thuismitheoirí an linbh lena riachtanais, ar bhonn oibleagáid chothabhála ar na tuismitheoirí nó ar bhonn cearta rochtana agus tithíochta.

19 Sna himthosca sin, chinn an Cour de cassation (an Chúirt um Achomharc Deiridh, Lucsamburg) bac a chur ar na himeachtaí agus na ceisteanna seo a leanas, a dréachtaíodh i dtéarmaí comhionanna i gCásanna C-296/24 go C-307/24, a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú:

'(1) (a) An bhfuil an coincheap "riar a cháis a sholáthar" do leanbh, as a dtagann stádas baill teaghlaigh de réir bhrí fhorálacha dhlí an Aontais Eorpaigh, rud a thagann de chásdlí bhur gCúirte i gcomhthéacs saorghluaiseacht oibrithe agus buntáiste sóisialta a fháil ag oibrí trasteorann, a bhaineann le gníomhaíocht a shaothrú aige i mBallstát a bhfuil tuarastal ag dul léi, do leanbh de chuid a chéile nó a céile nó a pháirtnéara chláraithe nó a páirtnéara chláraithe nach bhfuil gaol tuismíochta aige leis, arna léamh ina aonair nó i gcomhar le prionsabal léiriú leathan na bhforálacha lena bhféachtar le saorghluaiseacht oibrithe a áirithiú, le léiriú sa chaoi go gcomhlíontar é agus, dá bhrí sin, go dtugtar an ceart leis an buntáiste sóisialta a fháil,

– toisc pósadh nó páirtnéireacht chláraithe idir an t-oibrí trasteorann agus tuismitheoir an linbh agus dá thoisc sin amháin

– toisc an t-aon áit chónaithe nó sainchónaí amháin a bheith ag an oibrí trasteorann agus ar an leanbh agus dá thoisc sin amháin

– toisc costas de chineál ar bith a bheith á íoc ag an oibrí trasteorann chun leasa an linbh go ginearálta agus dá thoisc sin amháin, bíodh gurb amhlaidh

– go bhfreastalaítear leo ar riachtanais seachas riachtanais bhunúsacha nó chothabhála

– go n-íoctar é le tríú páirtí agus nach bhfuil sé chun leasa an linbh ach go hindíreach

– nach n-íoctar é ar mhaithe leis an leanbh amháin nó ar mhaithe leis go sonrach, ach chun leasa an teaghlaigh ar fad

– nach ann ach costas a bhíonn ann ó am go chéile

– gur lú é ná costas na dtuismitheoirí

– nach ann ach costas beag i bhfianaise riachtanais an linbh

– toisc go n-íoctar na costais ó chomhchuntas atá ag an oibrí trasteorann agus a chéile nó a céile nó a pháirtnéir sibhialta nó a páirtnéir sibhialta, is tuismitheoir an linbh, gan beann ar fhoinse na gcistí atá ann agus dá thoisc sin amháin

– toisc go bhfuil an leanbh faoi 21 bhliain d'aois agus dá thoisc sin amháin?

(b) I gcás freagra diúltach ar an gcéad cheist, an bhfuil ar an coincheap "riar a cháis a sholáthar" le léiriú sa chaoi go bhfuil sé cruthaithe, agus, dá bhrí sin, go dtugtar an ceart leis an buntáiste sóisialta a fháil, más amhlaidh go bhfuil dhá cheann nó níos mó de na imthosca sin i gceist?

(2) An bhfuil coincheap "riar a cháis a sholáthar" do leanbh, as a dtagann stádas baill teaghlaigh de réir bhrí fhorálacha dhlí an Aontais Eorpaigh, rud a thagann de chásdlí bhur gCúirte i gcomhthéacs saorghluaiseacht oibrithe agus buntáiste sóisialta a fháil ag oibrí trasteorann, a bhaineann le gníomhaíocht a shaothrú aige i mBallstát a bhfuil tuarastal ag dul léi, do leanbh de chuid a chéile nó a céile nó a pháirtnéara chláraithe nó a páirtnéara chláraithe nach bhfuil gaol tuismíochta aige leis, arna léamh ina aonair nó i gcomhar le prionsabal léiriú leathan na bhforálacha lena bhféachtar le saorghluaiseacht oibrithe a áirithiú, le léiriú sa chaoi go gcomhlíontar é agus, dá bhrí sin, go gcuirtear cosc leis ar an gceart chun an buntáiste sóisialta a fháil,

– toisc go bhfuil oibleagáid chothabhála ar na tuismitheoirí i leith an linbh agus dá thoisc sin amháin, gan beann

– ar cé acu a shocraítear an t-éileamh sin ar chothabháil go breithiúnach nó go conarthach

– ar mhéid an éilimh sin ar chothabháil a shocraítear

– ar cé acu an bhfuil nó nach bhfuil an fiachas cothabhála sin á íoc ag an bhféichiúnaí i ndáiríre

– ar cé acu an réitítear nó nach réitítear teip tuismitheora i leith an linbh trí ranníocaíocht an oibrí trasteorann

– toisc go bhfanann an leanbh leis an tuismitheoir eile go tréimhsiúil, agus ceart rochtana nó cónaitheacht roinnte nó cur chuige eile á fheidhmiú nó á feidhmiú, agus dá thoisc sin amháin?'

20 Le cinneadh ó Uachtarán na Cúirte an 26 Meitheamh 2024, rinneadh Cásanna C-296/24 go C-307/24 a uamadh chun críocha na gcodanna i scríbhinn agus ó bhéal den nós imeachta agus den bhreithiúnas.

Na ceisteanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú

Réamhbharúlacha

21 Gan pléadáil do-ghlacthachta a ardú go sainráite, thug CAE faoi deara ina bharúlacha i scríbhinn gur cheart don Chúirt Bhreithiúnais 'diúltú' do na ceisteanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú ar an bhforas go dtagraíonn siad don mheasúnú ar staid fhíorasach a thagann faoi dhlínse eisiach na n-údarás agus, i gcás inarb iomchuí, na gcúirteanna náisiúnta inniúla.

22 I ndáil leis sin, i gcomhthéacs imeachtaí faoi Airteagal 267 CFAE, atá bunaithe ar dheighilt shoiléir feidhmeanna idir na cúirteanna náisiúnta agus an Chúirt Bhreithiúnais, nach bhfuil dlínse ach ag an gcúirt náisiúnta forálacha an dlí náisiúnta a léiriú agus a chur i bhfeidhm, cé nach gcumhachtaítear don Chúirt ach rialú a thabhairt ar léiriú nó ar bhailíocht fhoráil de chuid an Aontais, ar bhonn na bhfíoras a chuireann an chúirt náisiúnta faoina bráid (breithiúnais an 16 Márta 1978, *Oehlschläger*, 104/77, EU:C:1978:69, mír 4, chomh maith leis an 7 Samhain 2024, *ERB New Europe Funding II*, C-178/23, EU:C:2024:943, mír 21 agus an cásdlí dá dtagraítear).

23 Maidir le hargóintí CAE, is leor a thabhairt faoi deara, lena ceisteanna, go n-iarrann an chúirt a rinne an tarchur ar an gCúirt Bhreithiúnais, go bunúsach, léiriú a dhéanamh ar Airteagal 45 CFAE, ar Airteagal 1(i) agus ar Airteagal 67 de Rialachán Uimh. 883/2004, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 7(2) de Rialachán Uimh. 492/2011 agus le hAirteagal 2(2) de Threoir 2004/38, arna léiriú i gcásdlí na Cúirte mar thoradh ar bhreithiúnas an 2 Aibreán 2020, *Caisse pour l'avenir des enfants (Leanbh chéile an oibrí trasteorann)* (C-802/18, EU:C:2020:269, míreanna 64 agus 70) agus, go háirithe, soiléirithe a thabhairt ar an gcaoi léiriú a dhéanamh ar an gcoinníoll maidir le liúntas teaghlaigh a dheonú d'oibrí neamhchónaitheach, sa Bhallstát fostaíochta, do leanbh a chéile nó a pháirtnéara shibhialta, a shainaithnítear sa chásdlí sin, ar dá réir nach mór don oibrí sin 'cothabháil a sholáthar' don leanbh sin.

24 Cé gur faoin riarachán agus, i gcás inarb iomchuí, faoi na cúirteanna náisiúnta atá sé a mheas, ar deireadh, chun críocha an liúntas teaghlaigh a dheonú i gcás ar leith, an gcomhlíontar an ceanglas sin, is faoin gCúirt atá sé, i gcomhréir leis an gcásdlí a luaitear i mír 22 den bhreithiúnas seo, forálacha dhlí an Aontais lena mbaineann na ceisteanna a tharchuirtear a léiriú.

25 Dá bhrí sin, tá na hiarrataí ar réamhrialú inghlactha.

An dá cheist

26 Lena dhá cheist, ar cheart iad a scrúdú le chéile, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an bhfuil Airteagal 45 CFAE, Airteagal 1(i) agus Airteagal 67 de Rialachán Uimh. 883/2004, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 7(2) de Rialachán Uimh. 492/2011 agus Airteagal 2(2) de Threoir 2004/38, le léiriú sa chaoi go gciallaíonn siad go gcomhlíontar an coinníoll maidir le liúntas teaghlaigh a dheonú d'oibrí neamhchónaitheach, sa Bhallstát fostaíochta, do leanbh a chéile nó a pháirtnéara shibhialta, eadhon go gceanglaítear ar an oibrí sin 'cothabháil a sholáthar' don leanbh sin, toisc go bhfuil an sainchónaí céanna acu nó ar cheart tosca oibiachtúla eile a chur san áireamh chun a shuí gurb ann do chothabháil den sórt sin.

27 I ndáil leis sin, ba cheart a thabhairt faoi deara, ar an gcéad dul síos, de réir cásdlí socair, go bhféadfaidh oibrí neamhchónaitheach íocaíocht sochair Stáit a fháil i leith buntáiste sóisialta, amhail cabhair airgeadais do staidéar ardoideachais, ní hamháin dá leanbh féin, ach freisin do leanbh a chéile nó a pháirtnéara shibhialta, nach bhfuil aon chaidreamh tuismitheora-linbh ag an oibrí sin leis, i gcás ina soláthraíonn an t-oibrí sin cothabháil don leanbh sin (féach, chuige sin, breithiúnas an 15 Nollaig 2016, *Depesme agus páirtithe eile*, C-401/15 go C-403/15, EU:C:2016:955, míreanna 57 go 60 agus an cásdlí dá dtagraítear).

28 Ina dhiaidh sin, maidir leis an liúntas teaghlaigh amhail an liúntas atá i gceist sna príomhimeachtaí go sonrach, chinn an Chúirt i mbreithiúnas an 2 Aibreán 2020, *Caisse pour l'avenir des enfants (Leanbh chéile an oibrí trasteorann)* (C-802/18, EU:C:2020:269), ar an gcéad dul síos, gurb ionann liúntas teaghlaigh den sórt sin agus sochar slándála sóisialta a thagann faoi raon feidhme na sochar teaghlaigh dá dtagraítear in Airteagal 3(1)(j) de Rialachán Uimh. 883/2004. Ós rud é go bhfuil sé nasctha le hoibrí trasteorann ag tabhairt faoi ghníomhaíocht fostaíochta i mBallstát, is buntáiste sóisialta é freisin, de réir bhrí Airteagal 7(2) de Rialachán Uimh. 492/2011, ónar léir go bhfuil na buntáistí céanna sóisialta agus cánach ag oibrithe neamhchónaitheacha, i gcomhréir le prionsabal an neamh-idirdhealaithe lena dtoirmisctear aon idirdhealú ar fhorais náisiúntachta, agus atá ag oibrithe náisiúnta (féach, go háirithe, breithiúnas an 2 Aibreán 2020, *Caisse pour l'avenir des enfants (Leanbh chéile an oibrí trasteorann)*, C-802/18, EU:C:2020:269, míreanna 24, 31 agus 40).

29 Ar an dara dul síos, chuir an Chúirt i bhfeidhm, *inter alia*, an cásdlí socair maidir le saorghluaiseacht oibrithe maidir leis na coinníollacha chun cabhair airgeadais a dheonú chun staidéir ardoideachais a dhéanamh do bhaill teaghlaigh na n-oibrithe sin, dá dtagraítear i mír 27 den bhreithiúnas seo, chun teacht ar an gconclúid go gcuirtear cosc le hAirteagal 7(2) de Rialachán Uimh. 492/2011, arb é an léiriú sonrach é, sa réimse sonrach a bhaineann le buntáistí sóisialta a dheonú, ar riail na córa comhionainne a chumhdaítear in Airteagal 45(2) CFAE, ar fhorálacha Ballstáit faoina bhféadfaidh oibrithe neamhchónaitheacha an liúntas teaghlaigh atá i gceist sna príomhimeachtaí a fháil i leith a leanaí féin amháin, d'eisiamh na ndaoine sin dá gcéile nach bhfuil aon chaidreamh idir leanaí agus tuismitheoirí acu leo ach a sholáthraíonn siad cothabháil

dóibh, cé go bhfuil gach leanbh a bhfuil cónaí orthu sa Bhallstát sin i dteideal an liúntas sin a fháil (breithiúnas an 2 Aibreán 2020, *Caisse pour l'avenir des enfants (Leanbh chéile an oibrí trasteorann)*, C-802/18, EU:C:2020:269, míreanna 64 agus 70 agus an cásdlí dá dtagraítear).

30 Sa chás seo, is léir ón gcomhad atá os comhair na Cúirte, tar éis an bhreithiúnais sin, gur chinn an conseil supérieur de la sécurité sociale (an Ardchomhairle um Shlándáil Shóisialta), trí athrú, gur dhiúltaigh CAE, tar éis athbhreithniú a dhéanamh, *in concreto*, ar na cásanna sna príomhimeachtaí, an liúntas teaghlaigh atá i gceist sna príomhimeachtaí d'oibrithe neamhchónaitheacha do leanaí a gcéile nó a bpáirtnéir sibhialta, ar an bhforas nach ndearna na hoibrithe sin foráil do chothabháil iomlán na leanaí sin.

31 I ndáil leis sin, ba cheart a thabhairt faoi deara, ar an gcéad dul síos, de réir an chásdlí, nach mór léiriú leathan a dhéanamh ar na forálacha lena gcumhdaítear saorghluaiseacht oibrithe, atá ar cheann de bhunchlocha an Aontais Eorpaigh (féach, chuige sin, breithiúnas an 15 Nollaig 2016, *Depesme agus páirtithe eile*, C-401/15 go C-403/15, EU:C:2016:955, míreanna 58 go 60 agus an cásdlí dá dtagraítear).

32 Ar an dara dul síos, ní mór an sainmhíniú ar an gcoincheap 'ball teaghlaigh', in Airteagal 2(2) de Threoir 2004/38, a chur san áireamh. Go deimhin, freagraíonn an coincheap 'ball teaghlaigh' d'oibrí trasteorann a d'fhéadfadh tairbhe indíreach a bhaint as cóir chomhionann, faoi Airteagal 7(2) de Rialachán Uimh. 492/2011, don choincheap 'ball teaghlaigh', de réir bhrí d'Airteagal 2(2) de Threoir 2004/38, lena n-áirítear an céile nó an pháirtnéir lena bhfuil saoránach an Aontais tar éis dul i mbun páirtnéireacht sibhialta, sliochtaigh dhíreacha atá faoi bhun 21 bhliain d'aois nó atá ina gcleithiúnaithe, agus sliochtaigh dhíreacha an chéile nó an pháirtnéara (féach, chuige sin, breithiúnas an 2 Aibreán 2020, *Caisse pour l'avenir des enfants (Leanbh chéile an oibrí trasteorann)*, C-802/18, EU:C:2020:269, mír 51 agus an cásdlí dá dtagraítear).

33 I ndáil leis sin, tá sé ráite ag an gCúirt cheana féin go dtoimhdítear, in aon chás, go bhfuil leanaí i gcleithiúnas go dtí 21 bhliain d'aois, mar is léir, *inter alia*, ó Airteagal 2(2)(c) de Threoir 2004/38 (breithiúnas an 15 Nollaig 2016, *Depesme agus páirtithe eile*, C-401/15 go C-403/15, EU:C:2016:955, mír 62) agus go bhféadfadh stádas baill teaghlaigh chleithiúnaigh de leanbh an chéile nó an pháirtnéara shibhialta de chuid oibrí trasteorann a bheith soiléir go hoibiachtúil toisc an sainchónaí céanna a bheith ann idir an t-oibrí sin agus an leanbh lena mbaineann (féach, chuige sin, breithiúnas an 15 Nollaig 2016, *Depesme agus páirtithe eile*, C-401/15 go C-403/15, EU:C:2016:955, míreanna 59 agus 60)

34 I ndáil leis sin, d'fhéadfaí a thuiscint ón gcásdlí sin, i gcás an sainchónaí céanna a bheith ag an oibrí neamhchónaitheach agus ag leanbh chéile nó pháirtnéir sibhialta an oibrí sin, gur leor an toisc oibiachtúil sin, i bprionsabal, ann féin chun a léiriú go soláthraíonn an t-oibrí sin cothabháil don linbh sin, an sainchónaí céanna atá ina saintréith den cheangal cobhsaí atá idir an t-oibrí agus an leanbh.

35 Ní hamháin go mbeadh aon léiriú eile contrártha don phrionsabal maidir le léiriú leathan ar na forálacha lena mbunaítear saorghluaiseacht oibrithe, mar a luaitear i mír 31 den bhreithiúnas seo, ach thabharfadh sé neamhaird freisin ar an gcásdlí dá dtagraítear i mír 32 den bhreithiúnas seo, lena gceanglaítear an sainmhíniú 'ball teaghlaigh' dá bhforáiltear in Airteagal 2(2) de Threoir 2004/38 a chur san áireamh i gcomhthéacs an mheasúnaithe chun na daoine a d'fhéadfadh tairbhiú go hindíreach de chóir chomhionann faoi Airteagal 7(2) de Rialachán Uimh. 492/2011 a chinneadh.

36 Dá bhrí sin, chun a shuí an gcomhlíontar an ceanglas nach mór don oibrí neamhchónaitheach cothabháil a sholáthar do leanbh a chéile nó a pháirtnéara shibhialta i gcás ar leith, ní mór a mheas gur leor, gan beann ar aois an linbh, a chruthú gurb ann do shainchónaí céanna idir an t-oibrí sin agus an leanbh sin, ar choinníoll go gcomhlíonann an leanbh sin na critéir a leagtar síos le reachtaíocht an Bhallstáit fostaíochta, sa chás seo reachtaíocht Lucsamburg, lena rialaítear deonú an liúntais teaghlaigh atá i gceist.

37 Go deimhin, féadfar a thoimhdiú, ar bhonn an tsainchónaithe chéanna a bheith ann, go rannchuidíonn oibrí neamhchónaitheach atá ag tabhairt faoi ghníomhaíocht fostaíochta le cuid de chostais an teaghlaigh ar a laghad a chumhdach, eadhon, *inter alia*, na costais a bhaineann le tithíocht agus saol an teaghlaigh agus, dá bhrí sin, freastal ar riachtanais a chomhaltaí, lena n-áirítear riachtanais leanbh an chéile nó an pháirtnéara shibhialta. Dá bhrí sin, is leor go roinneann an t-oibrí neamhchónaitheach sainchónaí leis an leanbh sin chun a léiriú go gcomhlíontar an ceanglas cothabháil a sholáthar don leanbh sin.

38 Ina theannta sin, tá sé tábhachtach a chur in iúl nach gá an sainchónaí céanna sin a bheith ar bhonn lánaimseartha. Ar an gcéad dul síos, i bhfianaise thábhacht na dteaghlach cumaisc, mar a thug an tAbhcóide Ginearálta faoi deara i míreanna 58 agus 59 dá Thuairim, féadfaidh an leanbh lena mbaineann maireachtáil cuid den am lena thuismitheoir eile, bíodh sé fola nó uchtaithe, nach céile ná pháirtnéir sibhialta an oibrí neamhchónaithigh é. Ar an dara dul síos, ní féidir a mheas gur gearradh an nasc idir an t-oibrí sin agus an leanbh sin ar an bhforas amháin go bhfuil cónaí ar an leanbh, de bharr a chuid staidéir, ar feadh cuid den am lasmuigh den tsainchónaí sin.

39 I bhfianaise cheisteanna na cúirte a rinne an tarchur, ba cheart a lua freisin, ar an gcéad dul síos, ós rud é gur coinníoll leordhóthanach é sainchónaí céanna a bheith ann chun an ceanglas a bhaineann le cothabháil an linbh a chomhlíonadh, nach féidir leis an riarachán, nó, de réir mar a bheidh, leis na cúirteanna náisiúnta, a cheangal ar an oibrí neamhchónaitheach a shuíomh ar bhealach níos sonraí, seachas cruthúnas ar shainchónaí den sórt sin a bheith ann, go rannchuidíonn sé le costais laethúla nó le freastal ar riachtanais speisialta an linbh lena mbaineann.

40 É sin ráite, i gcás ina bhfuil an sainchónaí céanna ag an oibrí neamhchónaitheach agus an leanbh lena mbaineann go hiomlán in easnamh, go háirithe mar gheall ar na staidéir atá á saothrú ag an leanbh sin, ní mór a bheith in ann tosca oibiachtúla eile a chur san áireamh lena léirítear cobhsaíocht áirithe, amhail, go háirithe, an ranníocaíocht le costais chóiríochta, taistil agus/nó shaol laethúil an linbh sin, chun a chur ar chumas an oibrí sin a léiriú go leanann sé dá chothabháil a sholáthar.

41 Ar an dara dul síos, ní féidir a mheas gurb ann do ranníocaíocht chothabhála is iníoctha ag tuismitheoir fola eile nó tuismitheoir uchtaithe leanbh chéile nó pháirtnéir sibhialta an oibrí neamhchónaithigh, cás dá bhforáiltear i mír 52 de bhreithiúnas an 2 Aibreán 2020, *Caisse pour l'avenir des enfants (Leanbh chéile an oibrí trasteorann)* (C-802/18, EU:C:2020:269), ná gurb ann do chearta rochtana agus tithíochta don tuismitheoir sin mar imthosca a fhágann gur féidir a chur as an áireamh go soláthraíonn an t-oibrí sin cothabháil don leanbh sin, lena bhfuil an sainchónaí céanna aige.

42 I ndáil leis sin, ba cheart a thabhairt faoi deara, ar an gcéad dul síos, mar a thug an tAbhcóide Ginearálta faoi deara i mír 49 dá Thuairim, gur thagair an Chúirt sa bhreithiúnas sin d'easpa ranníocaíochta den sórt sin, sa chás seo, chun cabhrú leis an gcúirt a rinne an tarchur agus í ag measúnú an ndearna an t-oibrí trasteorann cothabháil a sholáthar don leanbh sin. Dá bhrí sin, ní

féidir ranníocaíocht chothabhála is iníoctha ag tuismitheoir eile leanbh chéile nó pháirtnéir sibhialta an oibrí neamhchónaithigh a mheas mar chritéar a fhágann gur féidir an t-oibrí sin a eisiamh ó chothabháil a sholáthar do leanbh a chéile nó a pháirtnéara sibhialta, lena bhfuil an sainchónaí céanna aige. Is amhlaidh is mó é sin ós rud é nach coinníoll é ranníocaíocht chothabhála den sórt sin a bheith ann lena n-eisiatar tairbhe a bhaint as liúntas teaghlaigh do leanbh chéile nó pháirtnéir sibhialta oibrí chónaithigh lena bhfuil an sainchónaí céanna ag an oibrí sin.

43 Ar an dara dul síos, dá gcuirfí san áireamh na tosca dá dtagraítear i mír 41 den bhreithiúnas seo chun an t-oibrí neamhchónaitheach a eisiamh ó chothabháil a sholáthar do leanbh a chéile nó a pháirtnéara sibhialta, b'ionann sin agus léiriú a dhéanamh ar an gceanglas a bhaineann le cothabháil an linbh de shárú ar an bprionsabal maidir le léiriú leathan ar na forálacha lena mbunaítear saoirse gluaiseachta d'oibrithe, mar a mheabhraítear i mír 35 den bhreithiúnas seo.

44 Ar an tríú dul síos, ní mór a thabhairt faoi deara, mar a thug an tAbhcóide Ginearálta faoi deara i mír 61 dá Thuairim, go leanann sé ón toimhde go soláthraíonn an t-oibrí neamhchónaitheach cothabháil do leanbh a chéile nó a pháirtnéir sibhialta ar bhonn sainchónaí céanna nach bhféadfaidh an riarachán nó, de réir mar is iomchuí, na cúirteanna náisiúnta, diúltú an liúntas teaghlaigh a dheonú, amhail an liúntas atá i gceist sna príomhimeachtaí, don oibrí sin ach amháin in imthosca eisceachtúla. Ní féidir údar a thabhairt le diúltú den sórt sin ach amháin más léir ón gcomhad go ndearna an t-oibrí sin ráitis bhréagacha nó, i ndáiríre, nach rannchuidíonn sé ar bhealach ar bith leis na costais a bhaineann le cothabháil an linbh, agus gurb é tríú páirtí a íocann na costais sin ina n-iomláine.

45 I bhfianaise na mbreithnithe go léir roimhe seo, is é an freagra ar na ceisteanna a tharchuirtear ná nach mór Airteagal 45 CFAE, Airteagal 1(i) agus Airteagal 67 de Rialachán Uimh. 883/2004, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 7(2) de Rialachán Uimh. 492/2011 agus Airteagal 2(2) de Threoir 2004/38, a léiriú sa chaoi go gcomhlíontar an coinníoll maidir le liúntas teaghlaigh a dheonú d'oibrí neamhchónaitheach, sa Bhallstát fostaíochta, do leanbh a chéile nó a pháirtnéara sibhialta, eadhon go gceanglaítear ar an oibrí sin 'cothabháil a sholáthar' don leanbh sin, i gcás ina bhfuil gaol teaghlaigh idir an t-oibrí sin agus leanbh fola nó uchtaithe a chéile nó a pháirtnéara shibhialta, arb é is sainthréith dó sainchónaí céanna don oibrí sin agus don leanbh sin a bheith ann.

Costais

46 Ós rud é, a mhéid a bhaineann sé leis na páirtithe sna príomhimeachtaí, go bhfuil na himeachtaí mar chéim sa chás os comhair na cúirte a rinne an tarchur, baineann ceist na gcostas leis an gcúirt sin. Níl na costais a tabhaíodh trí bharúlacha a cuireadh faoi bhráid na Cúirte, seachas costais na bpáirtithe sin, inghnóthaithe.

Ar na forais sin, rialaíonn an Chúirt (an Ceathrú Dlísheomra) mar seo a leanas:

Maidir le hAirteagal 45 CFAE, Airteagal 1(i) agus Airteagal 67 de Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le comhordú na gcóras slándála sóisialta a chur chun feidhme, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 7(2) de Rialachán (AE) Uimh. 492/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Aibreán 2011, maidir le saoirse gluaiseachta d'oibrithe laistigh den Aontas, agus le hAirteagal 2(2) de Threoir 2004/38/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón

gComhairle maidir cearta shaoránaigh an Aontais agus ceart bhaill dá dteaghlaigh gluaiseacht agus cónaí faoi shaoirse ar chríoch na mBallstát, lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 1612/68 agus lena n-aisghairtear Treoracha 64/221/CEE, 68/360/CEE, 72/194/CEE, 73/148/CEE, 75/34/CEE, 75/35/CEE, 90/364/CEE, 90/365/CEE agus 93/96/CEE,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

comhlíontar an coinníoll maidir le liúntas teaghlaigh a dheonú d'oibrí neamhchónaitheach, sa Bhallstát fostaíochta, do leanbh a chéile nó a pháirtnéara sibhialta, eadhon go gceanglaítear ar an oibrí sin 'cothabháil a sholáthar' don leanbh sin, i gcás ina bhfuil gaol teaghlaigh idir an t-oibrí sin agus leanbh fola nó uchtaithe a chéile nó a pháirtnéara shibhialta, arb é is sainthréith dó sainchónaí céanna don oibrí sin agus don leanbh sin a bheith ann.

[Sínithe]